# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 4 Bealtaine      Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **De hAoine, 27 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, ámh. Níl cead stionsail, teimpléid ná íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás ar an mbileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

- **Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite,** ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú **á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.**

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas do **chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. Ní mór é seo a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 - Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

## Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Ba é seomra leapa Neansaí an seomra ba lú agus ba phearsanta sa teach – é chomh caileanta cúránach le tútú *ballerina*. Bhí na ballaí, an tsíleáil agus gach rud eile péinteáilte bándearg nó gorm nó bán, ach amháin biúró agus deasc scríbhneoireachta. Bhí ualach de piliúir ghorma ar an leaba a bhí bán agus bándearg, agus Teidí mór bándearg agus bán leagtha go suntasach ar an leaba. Ghnóthaigh Bobaí an Teidí mar dhuais i ngailearaí lámhaigh ag aonach an chontae. Bhí clár fógraí coirc, péinteáilte bándearg, crochta os cionn bord maisiúcháin a raibh sciorta bán leis; bhí *gardenias* triomaithe, a raibh fágtha de sheanchóirséad éigin, feistithe de, chomh maith le seanchártaí vailintín, oidis as nuachtáin agus fótagraif dá nia agus é ina naíonán.
Sliocht as *In Cold Blood* le Truman Capote, le caoinchead Random House 1966

**Sliocht B**

Bhí ard beag i lár an choimín agus de réir mar a dhruid siad leis chonaic siad buachaillí agus cailíní agus roinnt fear ag rás le fána leis na heitleoga chun breith ar an ngaoth. Theipeadh orthu iad a chur ag eitilt uaireanta agus thitidís go talamh, ach nuair a d'éiríodh leo d'éireoidís de réir mar a scaoileadh an t-úinéir an corda chun ligean leo in airde. D'fhéach Herbert le hiontas orthu.

'Ba bhreá liomsa eitleog, a Mham,' a bhéic sé.

Bhí a fhios aige cheana féin gurbh fhearr ceist a chur ar a mháthair ar dtús dá mbeadh aon rud uaidh.

'Cad chuige, a chroí?' ar sise.

'Chun í a chur ar eitilt.'

'Tá oiread faobhair ort go ngearrfaidh tú tú féin,' ar sise.

Rinne Mr agus Mrs Sunbury meangadh le chéile os a chionn. Féach anois gur eitleog a bhí uaidh. Bhí feairín á dhéanamh de.

'Má bhíonn tú go maith agus má ghlanann tú d'fhiacla go rialta gach maidin gan mise á rá leat, ní bheadh aon iontas orm dá dtabharfadh Daidí na Nollag eitleog chugat Lá Nollag.'

Níorbh fhada uathu an Nollaig agus thug Daidí na Nollag a chéad eitleog chuig Herbert. Ní raibh sé ró-aclaí ina bun ar dtús, agus b'éigean do Mr Sunbury féin rith le fána chun í a chur san aer dó. Eitleog an-bheag a bhí inti, ach a luaithe a chonaic Herbert í ag snámh san aer agus

a bhraith sé tarraingt na téide ina lámh, bhí gliondar air; agus ansin gach Satharn san iarnóin, nuair a d'fhilleadh a athair ón gCathair, chlipeadh sé a thuismitheoirí chun brostú go dtí an coimín. Ní raibh aon mhoill air ag foghlaim conas í a chur ag eitilt, agus d'fhéachadh Mr agus Mrs Sunbury air ó bharr an chnocáin, mórtas ag borradh ina gcroíthe, é ag rith síos le fána agus an eitleog ag breith ar an ngaoth agus ag síneadh na téide ina lámh.

Sliocht as *The Kite* le W. Somerset Maugham, le caoinchead Oxford University Press, 1972

**Sliocht C**

Tá an hata tuí aimsithe, é i gcruth roth cairte agus é cóirséadaithe le rósanna veilbhite tréigthe ó bheith faoin aer: ba le duine muinteartha níos faiseanta é tráth. Stiúraimid an bugaí le chéile, carráiste basctha naíonán, amach sa ghairdín agus isteach i ndoire de chrainn *pecan*. Liomsa an bugaí, is é sin le rá gur ceannaíodh domsa é nuair a rugadh mé. Ciseán atá ann, é sractha as a chéile beagán, agus lúbann na cosa faoi mar a dhéanfadh cosa meisceora. Ach is earra dílis é; aimsir an earraigh tugaimid sna coillte é agus líonaimid é le bláthanna, luibheanna, agus raithneach fhiáin do na prócaí sna póirsí; sa samhradh, bíonn burlaí d'earraí picnice againn ann agus slata iascaigh de chána siúcra agus tugaimid linn é go dtí crompán abhann; bíonn gnó againn de sa gheimhreadh chomh maith; mar thrucail chun adhmad don tine a tharraingt ón gclós go dtí an chistin, mar leaba chluthar do Queenie, an brocaire francach beag stóinsithe, oráiste agus bán, a tháinig slán ó ráig den chonslaod agus ó dhá ghreim a bhain nathair nimhe aisti. Tá Queenie ar sodar taobh leis anois díreach.

Trí huaire an chloig ina dhiaidh sin táimid ar ais sa chistin ag scilligeadh lán an bhugaí de chnónna *pecan* a thit ar an talamh … Caithimid suipéar (brioscaí fuara, bagún, subh na sméar) agus pléimid cad a dhéanfaidh an lá amárach. Amárach a chuirtear tús leis an gcineál seachtaine is fearr liom féin: ceannach. Silíní agus ciotrón, sinséar agus fanaile agus anann Haváíoch stánaithe, crotail agus rísíní agus gallchnónna agus fuisce agus ó, a oiread sin plúir, ime, a oiread uibheacha, spíosraí agus leasuithe; ar m'anam, ach is pónaí a bheidh uainn chun an bugaí a tharraingt abhaile.

Sliocht as *Breakfast at Tiffany's* le Truman Capote, le caoinchead Penguin Classics.

**Sliocht D**

D'éirigh an talamh aníos as an bhfarraige go mall. As líne dhubh rinneadh líne dhubh agus líne bhán – crainn agus gaineamh. Dúirt an captaen ar deireadh go bhféadfadh sé teach a dhéanamh amach ar an gcladach. 'Sin é teach an tearmainn, cinnte,' arsa an cócaire. 'Is gearr go bhfeicfidh siad sinn, agus tiocfaidh siad amach ag triall orainn.'

Chroch an teach solais i gcéin san aer. 'Ba chóir go bhféadfadh an coimeádaí sinn a dhéanamh amach anois, más ag amharc trí theileascóp atá sé,' arsa an captaen. 'Cuirfidh sé an lucht tarrthála ar an eolas.'

'Ní dócha gur éirigh le haon bhád eile dul i dtír chun scéal na raice seo a thabhairt,' arsa an t-oibrí ola de ghuth íseal, 'nó bheadh an bád tarrthála amuigh dár lorg.'

Nocht an talamh go mall agus go sciamhach as an bhfarraige. D'ardaigh an ghaoth arís eile. Bhí sí tar éis aistriú ón treo anoir aduaidh go dtí soir ó dheas. Ar deireadh, shroich torann nua cluas na bhfear sa bhád. Tormáil íseal na toinne ag briseadh ar an gcladach a bhí ann.

'Ní bhainfimid an teach solais amach go brách anois,' arsa an captaen. 'Croch a ceann beagán eile ó thuaidh, Billie.'

'Beagán breise ó thuaidh a chaptaein,' arsa an t-oibrí ola.

Leis sin, chroch an báidín a caincín arís eile le gaoth, agus a raibh sa bhád, ach amháin an dream ar na maidí, chonaic siad an cladach ag druidim leo. De bharr an mhéadúcháin seo, bhí an t-amhras agus an fhaopach anacrach ag glanadh as aigne na bhfear. Ba ghá dianchúram a dhéanamh i gcónaí de stiúradh an bháid, ach leath croíúlacht chiúin i measc na bhfear. Bheidís i dtír in imeacht uair an chloig féin, b'fhéidir.

Sliocht as *The Open Boat* le Stephen Crane, le caoinchead Oxford University Press.

**Sliocht E**

Rinne Goodwood é, rinne Magny Cours é agus tá Donnington á dhéanamh faoi láthair. Is é sin le rá, ceiliúradh céad bliain de rásaíocht *grand prix*.

Tá cúrsa Derbyshire ag gabháil an chúrsa dheirg agus tugann siad 'GP100 at SeeRed' ar an ócáid acu féin. Is mór é ár mbuíochas nach bhfuil baint dá laghad aige seo le bannaí trom-mhiotail ceoil ach gach aon bhaint aige le carranna rásaíochta. Beidh iomaíocht rásaíochta ó gach ré shuntasach i stair na rásaíochta i gceist, ó aimsir na nÉadbhardach go dtí Foirmle 1 na haimsire seo. Tá an clár dhá lá lán go boimbéal de rásaíocht agus d'imeachtaí eile. Dé Sathairn beidh rás gluaisrothar ann, déanfaidh carranna *grand prix* timpeall an chúrsa mar thaispeántas, beidh rás stairiúil ann do charranna Spóirt agus do Fhréamhshamhlacha CT na 1960í agus beidh rás sealaíochta foirne ann do charranna spóirt réamhchogaidh. Sin éagsúlacht anois duit.

Dé Domhnaigh beidh naoi rás ann agus ina measc sin beidh carranna *grand prix* HGPCA, meaisíní Thoroubred GP, agus rás eile ocht gcúrsa do ghluaisrothair. An rás do Thrófaí Williams an VSCC an príomhcheann. Ainmníodh an trófaí seo i gcuimhne ar Grover Williams, an rásaí uasal a bhuaigh Grand Prix Monaco i 1929. Do charranna *grand prix* roimh 1934 é seo agus is é seo an chéad uair a bheidh an rás do Thrófaí Williams á rith ag Donnington. Beidh

mórán Bugattis agus Alfa Romeos ann. Beidh an dearg agus an gorm le feiceáil sa cheann seo agus roinnt de Uaine Rásaíochta na Breataine.

Is mór ar fad an obair í céad bliain den rásaíocht a chomóradh in imeacht dhá lá ach tá an troitheán leis an urlár ag an VSCC don deireadh seachtaine seo.

Le caoinchead *Motor Sport*, Deireadh Fómhair 2006.

Leathanach Bán

Leathanach Bán